2024/2566

30.9.2024

CINNEADH (AE) 2024/2566 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Meán Fómhair 2024

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Ghrúpa Saineolaithe um an gComhaontú Eorpach maidir le hObair Foirne Feithiclí ag gabháil d'Iompar Idirnáisiúnta de Bhóthar (AETR) agus i Meitheal um Iompar de Bhóthar Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Fhoscríbhinn 1B a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le AETR

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Eorpach maidir le hObair Foirne Feithiclí ag gabháil d'Iompar Idirnáisiúnta de Bhóthar (AETR) [1] i bhfeidhm an 5 Eanáir 1976. Rinneadh é a leasú go deireanach an 20 Meán Fómhair 2010.

(2) De bhun Airteagal 22bis de AETR, féadfaidh Meitheal um Iompar de Bhóthar Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) tograí le haghaidh leasuithe ar na hAirteagail tosaigh d'Fhoscríbhinn 1B a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le AETR a ghlacadh trí thromlach na bPáirtithe Conarthacha atá i láthair agus a vótálann. Tar éis a nglactha, cuirtear leasuithe faoi bhráid Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe lena gcur in iúl do gach Páirtí Conarthach.

(3) Bhunaigh UNECE an Grúpa Saineolaithe um Chomhaontú AETR agus an Mheitheal um Iompar de Bhóthar faoi chuimsiú Chomhaontú AETR. Is comhlacht í an Mheitheal a chumhachtaítear leasuithe ar na hAirteagail réamhráiteacha d'Fhoscríbhinn 1B a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Comhaontú AETR a fhorbairt agus a ghlacadh, agus is comhlacht é an Grúpa Saineolaithe um Chomhaontú a chumhachtaítear tograí le haghaidh leasuithe a fhorbairt agus a chur faoi bhráid na Meithle.

(4) Déanfaidh an Grúpa Saineolaithe um Chomhaontú AETR agus an Mheitheal um Iompar de Bhóthar, le linn a seisiún a thionólfar faoi seach an 28 Deireadh Fómhair 2024 agus an 29 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024, nó ag seisiún ina ndiadh sin, an togra le haghaidh Fhoscríbhinn 1B a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le chomhaontú AETR a bhaineann le cur chun feidhme gníomhaíochtaí deimhniúcháin áirithe amach anseo faoi chuimsiú AETR a fhorbairt agus na leasuithe sin a ghlacadh faoi seach. Tá gá leis na gníomhaíochtaí deimhniúcháin sin chun scéim tacagraif dhigitigh an Chomhaontaithe a oibriú, atá bunaithe den chuid is mó ar chóras an Aontais.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Ghrúpa Saineolaithe um Chomhaontú AETR agus sa Mheitheal um Iompar de Bhóthar a bhunú, ós rud é go bhfuil na leasuite a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le AETR ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 21(6) agus Airteagal 22bis(2) de Chomhaontú AETR agus go bhféadfaidís tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, is é sin Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 [2] agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 [3] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(6) Tá sé d'aidhm ag na leasuithe atá beartaithe staid dheacair a réiteach i gcur chun feidhme scéim tacagraif dhigitigh Chomhaontú AETR, ina soláthraíonn maidir le gníomhaíochtaí deimhniúcháin áirithe an Coimisiún do Pháirtithe Conarthacha áirithe sa Chomhaontú AETR nach Ballstáit den Aontas iad faoi mheabhrán tuisceana arna shíniú ag UNECE agus ranna an Choimisiúin in 2009. Tá an meabhrán tuisceana arna athnuachan neart uaireanta trí shocruithe riaracháin, agus an uair is déanaí a rinneadh athnuachan ar ná an 28 Samhain 2023 go ceann tréimhse go dtí an 31 Bealtaine 2024.

(7) Faoi na socruithe riaracháin sin, soláthraíonn an Coimisiún saincheisteanna idir-inoibritheachta do mhonaróirí trealaimh, deimhnithe a bhfuil gá leo le haghaidh chineálcheadú Chomhaontú AETR maidir leis an trealamh sin. Foráiltear le ceanglas 278 d'Fhoscríbhinn 1B a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Comhaontú AETR faoi láthair do chomhlacht inniúil amháin a bheidh freagrach as deimhniúchán idir-inoibritheachta.

---

[1] IO L 95, 8.4.1978, lch. 1.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 3821/85 agus (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).

(8) Tá an Coimisiún freagrach freisin as na cúraimí a bhaineann leis an eochairphéire Eorpach a ghiniúint, a shealbhú agus a bhainistiú laistigh de bhonneagar eochrach poiblí chóras tacagraif dhigitigh Chomhaontú AETR. Úsáidtear an eochairphéire sin chun eochracha poiblí náisiúnta na bPáirtithe Conarthacha a dheimhniú, ar eochracha iad féin a úsáidtear chun eochracha a chuirtear isteach i ngach píosa trealaimh a dheimhniú. Faoi láthair, foráiltear le ceanglas CSM_007 d'Fho-Ahoscríbhinn XI d'Fhoscríbhinn 1B a ghabhann le Comhaontú AETR go mbeidh comhlacht a aithnítear ar leibhéal idirnáisiúnta freagrach as gníomhaíochtaí fréamhdheimhniúcháin.

(9) I ndiaidh an chinnidh ón gCoimisiún na gníomhaíochtaí deimhniúcháin sin a chur ar fionraí don Rúis agus don Bhealarúis, mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus tacaíocht mhíleata leanúnach á tabhairt ag an mBealarúis, tá amhras caite ag an Rúis agus ag an mBealarúis ar ról an Choimisiúin i gcur chun feidhme Chomhaontú AETR. Dá bhrí sin, is fíorbheag an seans go mbeidh Socrú Riaracháin nua ann, rud a chuireann gníomhaíochtaí deimhniúcháin an Choimisiúin i mbaol do 14 Pháirtí Chonarthacha sa Chomhaontú AETR nach Ballstáit den Aontas iad.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú le togra chun Foscríbhinn 1B a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Comhaontú AETR a leasú chun go n-aithneofar ról an Choimisiúin sa AETR féin, ionas go leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme Chomhaontú AETR agus na de na gníomhaíochtaí deimhniúcháin a sholáthar do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad faoi choinníollacha áirithe.

(11) Tá seasamh an Aontais sa Ghrúpa Saineolaithe um Chomhaontú AETR le cur in iúl ag an gCoimisiún, tá seasamh an Aontais sa Mheitheal um Iompar de Bhóthar le cur in iúl ag Ballstáit agus iad ag gníomhú go comhpháirteach chun leas an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 36ú seisiún de Ghrúpa Saineolaithe maidir leis an gComhaontú Eorpach maidir le hObair Foirne Feithiclí ag gabháil d'Iompar Idirnáisiúnta de Bhóthar (AETR) agus an 119ú seisiún den Mheitheal um Iompar de Bhóthar Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE), nó ag aon seisiún ina dhiaidh sin maidir le leasú ar Fhoscríbhinn 1B a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Comhaontú AETR, leagtar amach é sa Cheangaltán a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe ar an seasamh dá dtagraítear i mír 1 gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 2

Déanfaidh an Coimisiún sa Ghrúpa Saineolaithe um Chomhaontú AETR agus na Ballstáit ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur in iúl, i Meitheal UNECE um Iompar de Bhóthar.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

FELDMAN Z.

CEANGALTÁN

Leasaítear Airteagal 2(2) d'Fhoscríbhinn 1B a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Comhaontú AETR mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.4.5:

'2.4.5 Athraítear ceanglas 278 mar a leanas:

"Maidir le monaróirí atá bunaithe i bPáirtithe Conarthacha agus nach bhfuil bearta glactha ina n-aghaidh ag an Aontas Eorpach a mheasann sé a bhfuil gá leo chun a leasanna bunúsacha slándála a chosaint, agus a mhéid a cheadaítear sin le rialacha an Aontais Eorpaigh, déanann comhlacht inniúil aonair tástálacha idir-inoibritheachta faoi údarás agus faoi fhreagracht Choimisiún Eorpach an Aontais Eorpaigh.";

(2) cuirtear an pointe. seo a leanas leis:

'2.4.8 I bhFoscríbhinn 11/Fo-fhoscríbhinn XI de AETR (Sásraí Slándála Comhchoiteanna), 3.1.1, athraítear ceanglas CSM_007 mar a leanas:

"Ar an leibhéal Eorpach, ginfear eochairphéire Eorpach aonair (EUR.SK agus EUR.PK). Úsáidfear an eochair phríobháideach Eorpach chun eochracha poiblí na bPáirtithe Conarthacha a dheimhniú. Coimeádfar taifid de na heochracha deimhnithe go léir. Maidir le Páirtithe Conarthacha nach bhfuil bearta glactha ina n-aghaidh ag an Aontas Eorpach a mheasann sé a bhfuil gá leo chun a leasanna bunúsacha slándála a chosaint, agus a mhéid a cheadaítear sin le rialacha an Aontais Eorpaigh, is é Coimisiún Eorpach an Aontais Eorpaigh a dhéanfaidh na cúraimí sin, ag gníomhú dó mar an tÚdarás Eorpach um Dheimhniúchán.".